Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14301/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0370(NLE)**

**AELE 111**
**EEE 93**
**N 141**
**ISL 86**
**FL 88**
**MI 882**
**ECO 131**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 712 final - IARSCRÍBHINN I |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Treoir um Tháirgí Tobac) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 712 final - IARSCRÍBHINN I.

---

Faoi iamh: COM(2021) 712 final - IARSCRÍBHINN I

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.11.2021
COM(2021) 712 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Treoir um Tháirgí Tobac)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh.** […]

**an** […]

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha reachtaíochta na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE[1], arna ceartú le IO L 150, 17.6.2015, lch. 24, le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Treoir Tharmligthe 2014/109/AE ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chnuasach na bpictiúr rabhaidh atá le húsáid ar tháirgí tobac[2] a bhunú, tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Le Treoir 2014/40/AE, aisghairtear Treoir 2001/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], a ionchorpraítear i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá bharr faoi Chomhaontú LEE.

(4) Ba cheart don Iorua a hoiriúnú do Threoir 2001/37/CE a choinneáil maidir leis an táirge a shainmhínítear in Airteagal 2(8) de Threoir 2014/40/AE ‘tobac béil’.

(5) I bhfianaise an oiriúnaithe maidir leis an táirge a shainmhínítear in Airteagal 2(8) de Threoir 2014/40/AE agus ar bhonn imthosca náisiúnta sonracha a bhfuil tacaíocht staidrimh leo maidir leis na rioscaí sláinte a bhaineann le húsáid agus le patrúin úsáide tobac béil, ba cheart an Iorua a bheith saor chun an rabhadh sláinte breise malartach le haghaidh tobac béil a cheadú mar a léirítear in Airteagal 1, litir c) den Chinneadh seo.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 3 (Treoir 2001/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XXV d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

---

1 IO L 127, 29.4.2014, lch. 1.
2 IO L 360, 17.12.2014, lch. 22.
3 IO L 194, 18.7.2001, lch. 26.

‘**32014 L 0040**: Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha reachtaíochta na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 1), arna cheartú le IO L 150, 17.6.2015, lch. 24, arna leasú le:

- **32014 L 0109**: Treoir Tharmligthe 2014/109/AE ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 (IO L 360, 17.12.2014, lch. 22).

Leis na hoiriúnuithe seo a leanas a léifear forálacha na treorach, chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) In Airteagal 5(1), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ‘6 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… [an cinneadh seo] ó Chomhchoiste LEE’ a léifear in ionad na bhfocal ‘faoin 20 Samhain 2016’.

(b) Cuirfear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 6(4) agus Airteagal 7(13):

‘I gcásanna a bhaineann le monaróirí agus allmhaireoirí i Stáit CSTE, baileoidh Údarás Faireacháin CSTE aon táille a ghearrfaidh an Coimisiún.’

(c) Maidir leis an Iorua, cuirfear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 12(1):

‘Ag féachaint do na himthosca náisiúnta sonracha a bhfuil tacaíocht staidrimh leo maidir leis na rioscaí sláinte a bhaineann le húsáid agus le patrúin úsáide tobac béil, féadfaidh an rabhadh malartach sláinte seo a leanas a bheith ar taispeáint ar thobac béil a chuirtear ar an margadh san Iorua:

“Is dóichí díobháil don fhéatas agus an mharbh-bhreith de dheasca an táirge tobac seo”’

(d) In Airteagal 15(13), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ‘16 mhí tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... [an cinneadh seo] ó Chomhchoiste LEE’ a léifear in ionad na bhfocal ‘an 20 Bealtaine 2019’.

(e) In Airteagal 16(3), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ‘16 mhí tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/…[an cinneadh seo] ó Chomhchoiste LEE’ a léifear in ionad na bhfocal ‘an 20 Bealtaine 2019’.

(f) Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc atá in Airteagal 17 maidir leis an táirge a shainmhínítear in Airteagal 2(8) a chur ar an margadh san Iorua. Cuirfear cosc san Iorua ar onnmhairiú an táirge a shainmhínítear in Airteagal 2(8) chuig na Páirtithe Conarthacha uile sa Chomhaontú seo, ach amháin chuig an tSualainn.

(g) In Airteagal 30, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ‘1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE lena n-ionchorpraítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gComhaontú LEE’ a léifear in ionad na bhfocal ‘an 20 Bealtaine 2017’.

In Airteagal 30(a) agus (c), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ‘dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE lena n-ionchorpraítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gComhaontú LEE’ a léifear in ionad na bhfocal ‘an 20 Bealtaine 2016’.

In Airteagal 30(b), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ‘6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE lena n-ionchorpraítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gComhaontú LEE’ a léifear in ionad na bhfocal ‘ an 20 Samhain 2016’.

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla atá i dtéacs Threoir 2014/40/AE, arna cheartú le IO L 150, 17.6.2015, lch. 24, agus i dtéacs Threoir Tharmligthe 2014/109/AE as Íoslainnis agus as Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*

[…]

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.